Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10046/25**

**FIN 660**
**COMPET 506**
**IND 181**
**RC 37**
**RECH 265**
**TELECOM 186**
**CADREFIN 61**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9751/25 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Straitéis an Aontais maidir le micrishliseanna – Dul chun cinn réasúnta déanta i gcur chun feidhme an Ghnímh um Shliseanna, ach níl sé an-dóchúil gur leor é chun sprioc ró-uaillmhianach na Deacáide Digití a bhaint amach'<br>– *Formheas* |

1. An 28 Aibreán 2025, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 dar teideal 'Straitéis an Aontais maidir le micrishliseanna – Dul chun cinn réasúnta déanta i gcur chun feidhme an Ghnímh um Shliseanna, ach níl sé an-dóchúil gur leor é chun sprioc ró-uaillmhianach na Deacáide Digití a bhaint amach'.

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar Thuarascálacha Speisialta na Cúirte Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Bealtaine 2025, go ndéanfadh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) scrúdú ar an Tuarascáil Speisialta sin de réir na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite[2].

[1] 7515/00 + COR 1.
[2] 8386/25.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ag an gcruinniú a bhí aici an 8 Bealtaine 2025.

4. An 8 Bealtaine 2025, thíolaic an Uachtaránacht togra le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[3]. Phléigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) na dréachtchonclúidí ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Bealtaine 2025.

5. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an gcruinniú den Mheitheal an 13 Bealtaine 2025 agus ar bharúlacha a fuarthas i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht togra athbhreithnithe le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[4]. Phléigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) na dréachtchonclúidí athbhreithnithe ag an gcruinniú a bhí aici an 3 Meitheamh 2025.

6. Ar bhonn an phlé a rinneadh ag an gcruinniú den Mheitheal an 3 Meitheamh 2025 agus ar bharúlacha breise a fuarthas i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an dara togra athbhreithnithe le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[5]. D'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí aon bharúlacha a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an bhfoclaíocht athbhreithnithe sin a chur ar fáil faoin 6 Meitheamh 2025.

7. Níor chuir aon toscaireacht agóid in iúl i dtaobh an téacs a mhol an Uachtaránacht, mar a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle maidir le téacs na ndréachtchonclúidí mar a leagtar amach san IARSCRÍBHINN é a dhearbhú;
- na conclúidí sin a mholadh don Chomhairle lena bhformheas mar mhír 'A'.

---

[3] 8628/25.
[4] 9281/25.
[5] 9751/25.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**'Straitéis an Aontais maidir le micrishliseanna – Dul chun cinn réasúnta déanta i gcur chun feidhme an Ghnímh um Shliseanna, ach níl sé an-dóchúil gur leor é chun sprioc ró-uaillmhianach na Deacáide Digití a bhaint amach'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á BHREITHNIÚ DI gealltanas an Aontais Eorpaigh éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais a neartú, a athléimneacht a mhéadú, spleáchais sheachtracha a laghdú, nuálaíocht a chothú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, agus comhtháthú i slabhraí soláthair a dhoimhniú;

Á MHEABHRÚ DI gur ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an Gníomh um Shliseanna i mí Mheán Fómhair 2023 agus gur bhunaigh siad tionscnamh chun acmhainneacht a fhorbairt agus coigeartú an tionscail a áirithiú agus é mar aidhm go háirithe, faoi 2030, an tAontas a threisiú mar ghníomhaí domhanda sa teicneolaíocht leathsheoltóra agus feidhmeanna na teicneolaíochta sin, lena ngabhann sciar domhanda méadaitheach sa mhonaraíocht, i gcomhréir le sprioc Chompás Digiteach 2030 an Choimisiúin gur san Eoraip a bheadh 20 % ar a laghad de tháirgeadh domhanda ó thaobh luacha de i gcás tháirgeadh na leathsheoltóirí ceannródaíocha inbhuanaithe, lena n-áirítear próiseálaithe[6];

Á TABHAIRT DÁ hAIRE an tuarascáil maidir le 'Todhchaí iomaíochas na hEorpa' a d'ullmhaigh Mario Draghi, agus a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 2024, go háirithe na moltaí inti maidir le hearnáil na leathsheoltóirí,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Straitéis an Aontais maidir le micrishliseanna – Dul chun cinn réasúnta déanta i gcur chun feidhme an Ghnímh um Shliseanna, ach níl sé an-dóchúil gur leor é chun sprioc ró-uaillmhianach na Deacáide Digití a bhaint amach'[7] agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an rannchuidiú inti maidir le feabhas a chur ar an trédhearcacht, ar an rialachas agus ar an bhfaireachán straitéiseach ar straitéis an Aontais maidir le leathsheoltóirí;

---

6 eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52021DC01180

7 https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2025-12

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht straitéiseach a bhaineann le héiceachóras leathsheoltóirí atá nuálach, láidir, athléimneach agus iomaíoch ar fud an domhain a fhorbairt san Aontas Eorpach chun slándáil eacnamaíoch, ceannasacht dhigiteach agus ceannaireacht thionsclaíoch a choimirciú, lena n-áirítear trí thacaíocht neartaithe don taighde agus don nuálaíocht agus trí fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a chomhtháthú ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóirí;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE fócas na tuarascála speisialta ar mheastóireacht a dhéanamh ar straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le micrishliseanna, go háirithe measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus éifeachtacht an Ghnímh um Shliseanna; AONTAÍONN SÍ le toradh na tuarascála speisialta gur chuir an Gníomh um Shliseanna dlús nua le straitéis micrishliseanna an Aontais agus gur chuir sí réitigh shuntasacha ar fáil maidir le roinnt de na dúshláin, go háirithe bonneagair chomhchoiteanna úrscothacha T & N a chur in úsáid, an phíblíne nuálaíochta a neartú ón tsaotharlann go dtí an mhonarcha, agus dul chun cinn a dhéanamh chun slándáil an tsoláthair a áirithiú;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ráiteas ón gCúirt nach dócha, in ainneoin an dul chun cinn réasúnta atá déanta, gur leor an Gníomh Eorpach um Shliseanna mar ionstraim aonair chun sprioc uaillmhianach an Aontais a bhaint amach, is é sin 20 % den sciar domhanda de tháirgeadh micrishliseanna a áirithiú faoi 2030, mar a leagtar amach sa straitéis don Deacáid Dhigiteach;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha, conclúidí agus moltaí na tuarascála speisialta, is é sin maidir leis an measúnú tionchair neamhleor agus comhairliúcháin phoiblí chomh maith le meon na práinne as ar eascair roinnt bearnaí i ndearadh agus i bpleanáil an tionscnaimh agus ina chur chun feidhme, i sainiú spriocanna agus amlínte, chomh maith le tearcfhorbairt na sásraí faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh na tuarascála speisialta ar fhaisnéis neamhiomlán maidir leis an gcistiú iomlán atá ar fáil agus maidir le híocaíocht amach agus éifeachtacht na gcistí, chomh maith le heaspa comhordúcháin ar infheistíochtaí náisiúnta ar leibhéal an Aontais, lena dteorannaítear ailíniú straitéiseach agus maoirseacht chuimsitheach;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin shuntasacha atá fós ann maidir le cistiú, luas cur chun feidhme, agus an sprioc atá leagtha síos a bhaint amach, lena n-áirítear an gá atá le mapáil chuimsitheach thrédhearcach a dhéanamh ar ghealltanais mhaoiniúcháin, lena gcomhcheanglaítear acmhainní an Aontais, na hearnála náisiúnta, na hearnála réigiúnaí agus na hearnála príobháidí;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé bailchríoch a chur ar oibríochtú an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip', bunú na sásraí freagartha ar ghéarchéimeanna a thabhairt chun críche, agus formheas tráthúil státchabhrach a áirithiú do shaoráidí ceannródaíocha le haghaidh monaraíocht leathsheoltóirí agus tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne; AITHNÍONN SÍ an úsáid a bhaintear as na tionscadail thábhachtacha sin sa mhicrileictreonaic agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feabhas a chur ar a lúfaireacht agus a luas, a dtrédhearcacht agus a gcuimsitheacht, go háirithe chun rannpháirtíocht gheografach níos leithne FBManna ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóirí a chothú, agus feabhas a chur ar a dtionchar ar fhorbairt na slabhraí luacha sin amach anseo;

9. AITHNÍONN SÍ nach mór iarrachtaí feabhsaithe a dhéanamh chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear trí ualaí riaracháin a laghdú, intuarthacht rialála a áirithiú, infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a chomhordú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an taithí ón gCiste um Shliseanna, agus timpeallacht iomaíoch a chothú san Aontas le haghaidh ceannairí domhanda leathsheoltóirí agus nuálaithe Eorpacha araon;

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór slabhraí luacha Eorpacha a thógáil agus a neartú, lena n-áirítear taighde, nuálaíocht agus dearadh, monarú agus ardphacáistiú sliseanna atá tíosach ar fhuinneamh agus slán, iomaíochas in ábhair leathsheoltóra agus i dtrealamh monaraíochta a spreagadh, ardlínte píolótacha a leagan síos le haghaidh leathsheoltóirí ceannródaíocha agus teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile, lena n-áirítear fótónaic, IS agus teicneolaíochtaí sliseanna candamacha, rannpháirtíocht an tionscail i ngníomhaíochtaí línte píolótacha a spreagadh, tionsclú na bpróiseas táirgthe a eascraíonn as na línte píolótacha a chothú, fíor-riachtanas Eorpach i slabhraí luacha domhanda a áirithiú, agus athléimneacht an Aontais a fheabhsú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an éileamh tionsclaíoch Eorpach ar mhicrishliseanna bunúsacha nuálacha, go háirithe i bhfianaise a n-ábharthachta straitéisí maidir le haistriú glas agus aistriú digiteach na bpríomhearnálacha, mar shampla, an tsoghluaisteacht, an fuinneamh agus an chosaint;

11. TÁ SÍ I bhFÁCH LE cuspóirí straitéiseacha soiléire a shaothrú sna réimsí a leanas: taighde, forbairt, dearadh, trealamh, monaraíocht agus iolphacáistiú; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil lárionad inniúlachta náisiúnta curtha ar bun ag na Ballstáit uile agus IARRANN SÍ go ndéanfaí líonra Eorpach na lárionad náisiúnta inniúlachta a oibríochtú go hiomlán lena nascfar na ceanglais thionsclaíocha leis na hacmhainní agus na dreasachtaí atá ar fáil ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór lucht saothair ardoilte a fhorbairt, lena n-áirítear trí chur leis an Acadamh Eorpach um Scileanna Sliseanna agus le hArdán an Aontais um Dhearadh Sliseanna, chun bonn taca a chur faoi fhás éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa agus chun píblíne speisialtóirí cáilithe a chur ar fáil do thionscail mhéadaitheacha sliseanna na hEorpa;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún seiceáil réaltachta a dhéanamh ar an straitéis chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhoiriúnú idir na gníomhaíochtaí a dhéantar agus na spriocanna atá leagtha síos, an measúnú sin a roinnt leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí araon, sainaithint phras a dhéanamh ar bhealaí chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit agus cur chun feidhme na straitéise á choinneáil ar siúl ag an am céanna, agus dlús a chur leis an obair ullmhúcháin d’fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh um Shliseanna in 2026; AONTAÍONN SÍ leis an moladh sa tuarascáil speisialta nach mór tús a chur leis an obair ar an straitéis nua leathsheoltóirí in 2026 ar bhealach lena ngabhann an méid a leanas: spriocanna soiléire intomhaiste a leagan síos, tograí le haghaidh gníomhaíochtaí agus cistiú iomchuí, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóirí a chomhtháthú, agus cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais;

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar an moltaí i dTuarascáil Speisialta Uimh. 12/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa trí ghníomhaíochtaí comhleanúnacha a dhéanamh, agus an chothromaíocht cheart á háirithiú ag an am céanna idir buntáiste iomaíoch thionscal na hEorpa agus slándáil na n-infheisteoirí.